

Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath agus an Ghaeilge

Oifigeach na Gaeilge agus Coiste na Gaeilge

Tá Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath tiomanta do chur chun cinn na Gaeilge i ngach réimse de shaol na hOllscoile. Léirítear an tiomantas seo trí obair Choiste na Gaeilge, fochoiste den Choiste Riosca agus Comhlíontachta, agus trí fhostú Oifigeach Gaeilge lánaimseartha. Oibríonn Oifig na Gaeilge i gcomhar leis an gCumann Gaelach, le hAontas na Mac Léinn agus le Roinn na Gaeilge agus na dTeangacha Ceilteacha chun a cuid aidhmeanna a chur i gcrích.

Acht na dTeangacha Oifigiúla agus na Scéimeanna Teanga

Leagann [Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003](#) agus [Acht na dTeangacha Oifigiúla \(Leasú\) 2021](#) dualgais ar leith ar an Ollscoil lena n-áirítear dualgais maidir le comharthaíocht, stáiseanóireacht, foilseacháin áirithe, fógraí taifeadta béil, earcaíocht, fógraíocht, cumarsáid, srl. Ina theannta sin, tá gealltanais tugtha ag an Ollscoil sna Scéimeanna Teanga atá foilsithe go dtí seo go gcuirfear lena réimse seirbhísí dátheangacha trí ghníomhaíochtaí éagsúla.

Scéimeanna Cónaithe

Tá dhá scéim cónaithe Gaeilge san Ollscoil ina gcuirtear cóiríocht ar fáil do mhic léinn. Tá scéim amháin lonnaithe ar an gcampas agus tá an scéim eile (do mhic léinn na chéad bhliana agus na dara bliana amháin) i Halla na Tríonóide, Dartraí, Baile Átha Cliath 6. Cuireann baill na scéimeanna cónaithe an Ghaeilge chun cinn san Ollscoil trí ghníomhaíochtaí agus imeachtaí éagsúla a reáchtáil i rith na bliana.

Ranganna Gaeilge

Cuireann Coláiste na Tríonóide ranganna Gaeilge saor in aisce ar fáil do bhaill foirne agus do mhic léinn araon le linn na bliana acadúla. Fógraítear na ranganna seo ag tús na dtearmaí acadúla. Tacaítear chomh maith le baill foirne agus le mic léinn tabhairt faoi scrúduithe TEG (Teastas Eorpach na Gaeilge).

Éigse na Tríonóide agus Imeachtaí Gaeilge

Buaicphointe na bliana is ea Éigse na Tríonóide, féile seachtaine ina gcuirtear ócáidí cultúrtha agus sóisialta ar siúl do phobal na hOllscoile agus na cathrach lena n-áirítear imeachtaí ceoil, filíochta, díospóireachtaí, ceardlanna, srl. Eagraítear imeachtaí Gaeilge eile i gcaitheamh na bliana chomh maith.

Seomra na Gaeilge

Is spás ar leith i gcroílár an champais é Seomra na Gaeilge do mhic léinn, baill foirne agus an pobal i gcoitinne chun an teanga a labhairt, a chleachtadh agus a chur chun cinn. Bíonn sé ar oscailt do mhic léinn agus do bhaill foirne ó Luan go hAoine, agus reáchtáiltear cruinnithe agus imeachtaí Gaeilge nó imeachtaí dátheangacha ann chomh maith.

Teagmháil

Oifigeach na Gaeilge: (01) 8963652, gaeloifig@tcd.ie

Eolas: www.tcd.ie/gaeloifig

Roinn na Gaeilge agus na dTeangacha Ceilteacha: (01) 8961450, nibhraoc@tcd.ie

An Cumann Gaelach: reachtaire@cumann.ie

Oifigeach Gaeilge Aontas na Mac Léinn: gaeilge@tcdsu.org